# Eleathanach 389

## Dé Luain, an 27 Meán Fómhair 2021

**Fáilte ar ais tar éis an tsamhraidh!**

### Space X

Chuir Space X an chéad fhoireann de spásairí neamhghairmiúla chuig an spás le haghaidh 3 lá ag dul timpeall an domhain.

Ba é seo an dul chun cinn is mó riamh i dtionscal an spáis. Is é Elon Musk an t-úinéir do Tesla agus bhí sé i gceannas ar an misean seo.

Bhí sé an-chostasach, thart ar $28 milliún. Thaispeáin ceamara ar Space X na paisinéirí. Bhí ceathrar paisinéirí san iomlán, idir mhná agus fhir.

Nuair a tháinig na spásairí ar ais chuig an domhan, thug Elon Musk $20 milliún d'Ospidéal St Jude do pháistí.



### Cristiano Ronaldo

Tá Cristiano Ronaldo ag imirt ar son Manchester United arís. Tá sé go hiontach. Scóráil sé cúl iontach an deireadh seachtaine seo caite in aghaidh West Ham.

Tháinig an liathróid sa bhosca agus bhí Ronaldo ag fanacht ann. Ní raibh seans ag an gcúl báire é a stopadh.

Seo an ceathrú cúl i dtrí chluiche dó. Is imreoir den scoth é Ronaldo.



### ABBA

Tá ABBA ag teacht ar ais! Is banna ceoil de chuid na Sualainne iad. In 1974 bhuaigh siad an comórtas Eurovision.

Ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair 2021, tháinig siad amach le dhá amhrán nua. Tá albam nua acu freisin darb ainm 'Voyage'. Beidh an t-albam ag teacht amach go luath.

Is banna ceoil iontach iad ABBA agus tá muid ar bís go bhfuil siad ar ais! An bhfuil aon amhrán ó Abba ar eolas agat?

**Abba sna 1970idí! An maith leat na héadaí?**

